**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*Suí iomlánach*

**B10-0172/2024**

14.11.2024

# TOGRA LE hAGHAIDH GNÍOMH DE CHUID AN AONTAIS

arna chur síos de bhun Riail 47(2) de na Rialacha Nós Imeachta

lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh,

**Ewa Zajączkowska-Hernik, Anna Bryłka, Tomasz Buczek, Tomasz Froelich, Daniel Obajtek, Jacek Ozdoba, Marcin Sypniewski**

**B10-0172/2024**

**Togra le haghaidh gníomh de chuid an Aontais lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh,**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint d'Airteagail 9, 14, 191, 192(1), 194(2) agus 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 5 de Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2005 lena nglactar Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa[1],

– ag féachaint do Riail 47(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Threoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh[2],

A. de bhrí, i gcomhréir leis na rialacháin is infheidhme, gur cheart gur foirgnimh astaíochtaí nialasacha gach foirgneamh nua ó 2030 (ón 1 Eanáir 2028 i gcás foirgnimh nua atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí), agus gur cheart foirgnimh reatha a chlaochlú ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoi 2050;

B. de bhrí go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh na teimpléid arna mbunú i reachtaíocht an Aontais faoin 29 Bealtaine 2026;

C. de bhrí gur cheart go dtiocfadh laghdú 16% ar a laghad ar úsáid fuinnimh phríomhúil i bhfoirgnimh chónaithe faoi 2030, agus laghdú 20-22% faoi 2035, i gcomparáid le 2020;

D. de bhrí go gceanglaítear ar na Ballstáit pionóis éifeachtacha a bhunú chun a áirithiú go ndéanfar forálacha náisiúnta arna nglacadh chun reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme lena gceanglaítear na torthaí thuasluaite a chur chun feidhme laistigh de na tréimhsí bunaithe;

E. de bhrí go bhfuil géarchéim thromaí sa mhargadh maoine roimh shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus de bhrí go bhfuil deacracht thromaí ag go leor acu a mbunriachtanais a áirithiú i bhfoirm tithíochta inacmhainne; de bhrí, idir 2010 agus 2022, gur tháinig méadú 18% ar an meán ar phraghsanna cíosa maoine san Aontas, agus gur tháinig méadú 47% ar phraghsanna ceannaigh maoine; de bhrí, le linn na tréimhse sin, gur chaith 10.6% de na daoine a bhí ina gcónaí i gcathracha an Aontais Eorpaigh níos mó ná 40% dá n-ioncam ar thithíocht;

1. á iarraidh ar an gCoimisiún togra a chur isteach (faoin 30 Meitheamh 2025), ar bhonn Airteagail 9, 14, 191, 192(1), 194(2) agus 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, le haghaidh gnímh lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint

[1] IO L 262, 7.10.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/684/oj.
[2] IO L, 2024/1275, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1275/oj.

na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh;

2. á aithint, i gcomhthéacs fadhbanna an-tromaí ar an margadh tithíochta agus na géarchéime fuinnimh san Aontas Eorpach, nach iomchuí rialacha a choinneáil a mbeidh méaduithe géara ar phraghsanna maoine mar thoradh orthu sna blianta beaga amach romhainn.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Le Treoir 2024/1275 an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, tugtar isteach bearta a mhéadaíonn go suaithinseach costas tógála foirgneamh nua agus cinn reatha a chothabháil. I gcomhréir leis an treoir, ní mór gur foirgnimh astaíochtaí nialasacha gach foirgneamh nua agus gach foirgneamh nua atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí ón 1 Eanáir 2030 agus ón 1 Eanáir 2028 faoi seach. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin toirmeasc ar choirí gáis a shuiteáil, rud a mhol an tAontas roimhe seo a úsáid. Ina theannta sin, is é is aidhm don treoir deireadh iomlán a chur de réir a chéile le coirí atá faoi thiomáint breosla iontaise faoi 2040.

Glacadh an treoir i dtreo dheireadh an téarma roimhe seo de Pharlaimint na hEorpa, ina raibh dlisteanacht shóisialta an-íseal. I roinnt mhaith Ballstát, ba shaincheist shuaithinseach í i bhfeachtas na dtoghchán Eorpach agus ba ábhar freasúra poiblí í.

Forchuirtear leis an treoir amchlár neamhréadúil chun athchóiriú éigeantach a dhéanamh ar fhoirgnimh reatha.

Is ar ghnáthdhaoine a thitfidh cuid mhaith de chostais chur chun feidhme na treorach, rud a fhágfaidh go dtiocfaidh méadú suaithinseach ar phraghsanna maoine, rud a chuirfidh leis an ngéarchéim tithíochta a thuilleadh.